Gaeilge líofa ⇠⇢ Fluent Irish

céim ar chéim — step by step




**Teastas Eorpach na Gaeilge**


Ionad na dTeangacha
Ollscoil na hÉireann Má Nuad
Má Nuad
Co. Chill Dara
Éire

**Guthán:**
(01) 708 3737
**Rphost:**
teanga@nuim.ie
**Idirlíon:**
www.teg.ie


IONAD NA DTEANGACHA
Language Centre

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

# TEG: Teastas Eorpach sa Ghaeilge

Tá beagnach 3,500 foghlaimeoir fásta Gaeilge tar éis scrúduithe TEG a dhéanamh ó cuireadh an córas ar bun in 2006. Is éard atá i gceist le TEG ná córas scrúduithe inniúlachta a léiríonn go soiléir d'fhoghlaimeoirí cén leibhéal teanga atá acu agus a thugann deis dóibh dul chun cinn a dhéanamh dá réir. Déantar na ceithre scil teanga a thástáil sna scrúduithe: labhairt, scríbhneoireacht, léamhthuiscint agus cluastuiscint.

| Siollabas/Scrúdú | |
|---|---|
| A1 | **Bonnleibhéal 1** |
| A2 | **Bonnleibhéal 2** |
| B1 | **Meánleibhéal 1** |
| B2 | **Meánleibhéal 2** |
| C1 | **Ardleibhéal 1** |
| C2 | **Ardleibhéal 2** |

Tá siollabais, ábhar teagaisc agus páipéir scrúdaithe shamplacha ag leibhéal A1, A2, B1, B2 agus C1 ar fáil ar an suíomh idirlín www.teg.ie.

Déan an scrúdú cainte ag leibhéal ar bith chun **páirtchreidiúint** a fháil.

## Dátaí Tábhachtacha TEG 2015

Spriocdháta Clárúcháin Scoileanna 20 Feabhra 2015
Spriocdháta Clárúcháin TEG A1 – B2 20 Márta 2015

Scrúdú TEG Meánleibhéal 2 (B2) 18 Aibreán 2015
Scrúdú TEG Meánleibhéal 1 (B1) 9 Bealtaine 2015
Scrúdú TEG Bonnleibhéal 2 (A2) 23 Bealtaine 2015
Scrúdú TEG Bonnleibhéal 1 (A1) 6 Meitheamh 2015



Ionadaithe ó TEG i dteannta: Aengus Mac Grianna, RTÉ; Anna Ní Ghallchair, Ollscoil Mhá Nuad agus Údarás na Gaeltachta; Joe McHugh, Aire Stáit ag an Roinn Ealaíona, Oidhreachta agus Gaeltachta; Rónán Ó Domhnaill, An Coimisinéir Teanga ag seoladh láithreán gréasáin nua www.teg.ie ar an 30 Meán Fómhar 2014

"Is deis iontach do dhaoine é TEG an cumas atá acu sa teanga a léiriú trí cháilíocht atá aitheanta go hidirnáisiúnta."

– Aengus Mac Grianna

## *Nua!* Athruithe ar Scrúdú TEG Meánleibhéal 2 (B2)

Beidh ceist bhreise sa rannóg Scríbhneoireacht agus Úsáid na Gaeilge ó 2015 ar aghaidh.

Sa cheist bhreise seo beidh ar iarrthóirí 6 cinn d'abairtí gearra a aistriú go Gaeilge. Is fiú 5 marc an ceann gach ceann de na habairtí. Mar sin, beidh 30 marc ag dul don cheist bhreise seo, rud a chiallaíonn go mbeidh 120 marc ar fad ag dul don rannóg Scríbhneoireacht agus Úsáid na Gaeilge. Beidh 15 nóiméad sa bhreis ag iarrthóirí anois tabhairt faoin scrúdú scríofa ag Meánleibhéal 2 (B2) Tá uasdátú déanta ar an dá scrúdú samplacha anseo chun an t-athrú seo a léiriú.

Féach Siollabas Mheánleibhéal 2 (B2) le níos mó eolais a fháil faoi na struchtúir teanga, an réimse stór focal agus araile atá leagtha síos don leibhéal seo.

## *Nua!* Meánleibhéal 2 (B2) ag teastáil don Fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí

Mar chuid den phróiseas earcaíochta d'Oifigigh Fheidhmiúcháin sa tSeirbhís Phoiblí, tá sé i gceist ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí scrúdú cainte agus scríofa ag Meánleibhéal 2 (B2) Teastas Eorpach na Gaeilge a chur ar iarrthóirí gur mhaith leo áit a fháil sa tSraith Speisialtachta Ghaeilge. Is ón tSraith seo a líonfar folúntais ina bhfuil scileanna Gaeilge ag teastáil agus beidh iarrthóirí a n-éiríonn leo in ann réimse iomlán seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Tuileadh eolais ar www.publicjobs.ie agus www.teg.ie.




## Ionaid scrúdaithe TEG 2015

Béal Feirste · Caisleán an Bharraigh · Corcaigh · Gaoth Dobhair · Cill Chainnigh · Cill Áirne · Leitir Ceanainn · Luimneach · Má Nuad · Nua Eabhrac · Ottawa · Párás · Prág · An Spidéal

## Teastais TEG Bronnta i gCiarraí

Bronnadh teastais TEG ar 19 duine ag searmanas bronnta i gComhairle Contae Chiarraí roimh Nollaig. Tá scrúduithe TEG déanta ag os cionn 100 fostaí de chuid na Comhairle seo le roinnt blianta anuas agus i mbliana den chéad uair, bronnadh teastais ar dhaoine atá, nó gur mian leo, cur fúthu i dtithíocht shóisialta i nGaeltachtaí Chiarraí.

Éist le Roibeard Ó hEartáin, Comhairle Contae Chiarraí, ag labhairt faoin tairbhe a bhaineann le TEG ar An Saol ó Dheas (10 Deireadh Fómhair 2015).

Tá **tuilleadh eolais d'fhostóirí** ar fáil ar www.teg.ie



**Fostaithe de chuid Chomhairle Contae Chiarraí ar bronnadh teastais TEG orthu i 2014**

## Cáilíochtaí Gaeilge céim ar chéim le TEG

- Cuireann cáilíochtaí TEG deiseanna ar fáil i réimsí an oideachais agus sa tseirbhís phoiblí
- Is é an taithí atá ag foghlaimeoirí ná go spreagtar iad go mór nuair a thugann siad faoi cháilíocht TEG
- Aithníonn fostóirí ar fud an domhain cáilíochtaí TEG
- Tá ballraíocht ag Ionad na dTeangacha in ALTE (Association of Language Testers in Europe), eagraíocht a dhéanann monatóireacht ar chaighdeáin scrúduithe agus a chuireann traenáil agus treoir ar fáil do bhaill.
- Foghlaim trí chóras céimithe ag luas a oireann duit féin